

Béising+20: An Clár Oibre Gníomhaíochta (BPfA) agus an tAontas Eorpach Réimse E: Mná agus Coinbhleacht Armtha

Comhthéacs Beartais

Fágann coinbhleachtaí armtha a lorg ar mhná agus ar fhir araon, mar íospartaigh agus mar dhaoine a d'fhulaing ó na hiarmhairtí eacnamaíochta. Is cuid mhór den phobal sibhialtach iad na mná agus fágann coinbhleachtaí a lorg go háirithe orthusan, mar is airde a nochtadh ar bhaol míúsáide gnéis, gáinneála, díláithriúcháin agus sclábhaíochta ar mhórsála. De dheasca a leochaileachta sóisialta níos airde, déantar cineálacha sonracha foréigin go minic ar mhná agus ar chailíní, agus leanann na hiarmhairtí fiú tar éis an chogaidh (e.g.. toircheas ciaptha de dheasca éignithe, baol níos airde galair ghnéastarchurtha a tholgadh). Tá foréigean gnéis ina ionstraim chogaidh go minic i gcoinbhleacht armtha. Cuireann mná go suntasach le gníomhaíochtaí síochána agus atógála tar éis coinbhleachtaí armtha agus tá ról tábhachtach acu i réiteach coinbhleachta.

Plean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan san Fhorbairt (2010-2015)

- Díríonn aird ar an ngá le cosaint fhadtéarmach a thabhairt do mhná i gcoinbhleacht armtha.
- Cuireann béim ar an tábhacht le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na mban i gcothú na síochána agus in atógáil iarchoinbhleachta.
- Iarrann barrfheabhsú rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí polaitíochta.

Comhairle an Aontais Eorpaigh: Cur chuige Cuimsitheach maidir le cur i bhfeidhm ag AE na Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 1325 agus 1820 maidir le mná, síocháin agus slándáil

Déanann measúnú ar dhul chun cinn i gcosaint agus i gcumhachtú ban i gcásanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta trí tháscairí ar leith a úsáid.

Parlaimint na hEorpa

- Meabhraíonn an tábhacht le gné inscne a chuimsiú i ngach uile chéim d'oibríochtaí BECS (Rún an 10 Márta 2010 maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Slándála an Aontais Eorpaigh agus Comhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC)).

- Clúdaítear oiliúint na foirne imscartha i Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 1325 (2000) agus 1889 (2009) maidir le mná, síocháin agus slándáil.
- Athdhearbhaíonn an gá leis an rún a chur chun feidhm mar is ceart (Rún an 25 Samhain 2010 ar cothrom 10 mbliana Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 1325 (2000) maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil).
- Díríonn aird ar rannpháirtíocht na mban i bpróisis síochána agus in oibríochtaí síochánaíochta míleata agus sibhialta agus na hiarmhairtí ar choinbhleachtaí do mhná (Rún an 2 Feabhra 2012 maidir le cás na mban i gcogadh).

Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

- E.1.** Méadú a chur ar rannpháirtíocht na mban i réiteach coinbhleachta ag leibhéal cinnteoireachta agus mná atá ag maireachtáil i gcásanna coinbhleachtaí armtha nó coinbhleachtaí eile nó faoi smacht forghabhála eachtrannaí a chosaint.
- E.2.** Caiteachas iomarcach míleata a laghdú agus fáil ar armáil a rialú.
- E.3.** Cineálacha neamhforéigneacha de réiteach coinbhleachta a chur chun cinn agus minicíocht míúsáide cearta an duine a laghdú i gcásanna coinbhleachta.
- E.4.** Ionchur ag na mná a chur chun cinn maidir le cultúr síochána a chothú.
- E.5.** Cosaint, cúnaimh agus oiliúint a chur ar fáil do mhná ar dídeanaithe iad, mná eile díláithrithe a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu agus mná atá díláithrithe go himheánach.
- E.6.** Cúnaimh a chur ar fáil do na mná as na coilíneachtaí agus na críocha neamhféinrialaitheacha.

Le linn Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle AE, in 2008, moladh agus glacadh ceithre tháscaire le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an



réimse sin. Tomhaistear sna táscairí clúdach na foirne taidhleoireachta, cosanta agus síochánaíochta agus leibhéal na nacmhainní daonna agus airgeadais a tugadh go sonrach chun mná a thuiscint agus a chumhachtú i gcoinbhleacht armtha. Tomhaistear sa táscaire deireanach scair de na mná agus de na fir i líon na niarrthóirí tearmainn.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíoras agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>

Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Tá na mná faoi ghannionadaíocht sna hearnálacha taidhleoireachta agus míleata

Déanann mórchuid den tuairiscí agus sonraí arnasoláthar ag na Ballstáit an teolas i leith ghéarneamhláithrecht na mban i measc misean taidhleoireachta, toscaireachtaí AE, oibríochtaí síochánaíochta NA agus i measc na bpost cinnteoireachta i seirbhísí taidhleoireachta agus míleata. In 2011, i measc na foirne a bhí páirteach in oibríochtaí síochánaíochta NA ní raibh ach 6 % de mhná ann i 21 Bhallstát, agus ní raibh aon mhná ar bith in oibríochtaí síochánaíochta NA ag seacht mBallstát.

San iomlán, chuir 17 mBallstát faisnéis isteach faoin bhfoireann atá rannpháirteach i misin le Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC). Ní raibh na mná ach i 2 % den scair ar an meán i mbaill fhoirne na misean. Léiríodh sna sonraí um imdhealú inscne a bailíodh in 2012 maidir le baill fhoirne CBSC i misin sibhialta nach raibh ach 25 % d'ionadaíocht na mban i líon iomlán na foirne.

I measc na 18 mBallstát a thug faisnéis ar líon na mban is ceannasaithe na misean taidhleoireachta iad, ba é 17 % an scair ar an meán.


Oiliúint inscne neamhleor i stáit choibhleachta agus leochaileacha

I gceart chur chun cinn Rúin UNSCR 1325 agus 1820, rinne roinnt de Uachtaránachtaí na Comhairle ar AE tábhacht agus gá le hoiliúint i measc na foirne CBSC a mheas. Léirigh na sonraí is déanaí atá ar fáil, a tugadh in 2008/2009, maidir le baill fhoirne taidhleoireachta, sibhialta agus mhíleata atá i bhfostú le Ballstáit AE agus baill fhoirne mhíleata agus phóilíní atá rannpháirteach in oibríochtaí síochánaíochta NA agus i misin CBSC, nár cuireadh oiliúint faoi chomhionannas inscne i bhfeidhm go leordhóthanach. Níor cuireadh oiliúint shonrach i gcomhionannas inscne ar fhoireann taidhleoireachta i bhfeidhm ach in ocht mBallstát, ach ní raibh aon fhaisnéis shoiléir faoin scair de mhná agus d'fhir a bhí i láthair.

Cion íseal de chúnamh le tabhairt faoi shaincheisteanna ar chomhionannas inscne i stáit leochaileacha

In 2009 agus go luath in 2010, chaith Ballstáit AE timpeall EUR 200 milliún ar shaincheisteanna a bhaineann le mná, síocháin agus slándáil. Caitheadh EUR 1 billiún ar shaincheisteanna a bhaineann go domhanda le hinscne. Maidir le ranníocaíochtaí ó Institiúidí AE, thug Toscaireachtaí de chuid AE ranníocaíochtaí de luach EUR 165 milliún mar mhaoiniú do thionscadail maoinithe le tionchar díreach ar inscne agus ar chearta na mban. Díriodh beagnach trian amháin den mhaoiniú sin ar ghníomhaíochtaí chun Rúin UNSCR 1325 a chur i bhfeidhm. Léirigh sonraí gur bhain timpeall 28 % den iomlán EUR 67 milliún, a caitheadh ar Athchóiriú na hEanála Slándála agus Díarmála, Díshlógtha agus


CÉATADÁN NA mBAN I LÍON NA gCEANNASAITHE I MISIN TAIDHLEOIREACHTA AGUS I mBAILL FHOIRNE ATÁ RANPHÁIRTEACH I MISIN SÍOCHÁNAÍOCHTA Náisiún Aontaithe (NA), 2011



Foinse: Council of EU, Report on the EU-indicators for the Comprehensive Approach to the EU implementation of the UN Security Council UNSCRs 1325 and 1820 on Women, Peace and Security, 2011



CÉATADÁN NA mBAN I LÍON NA NIARRATASÓIRÍ AR THEARMANN IN AE, 2008 – 2013



Foinse: Eurostat, Cinntí ar iarratais agus ar athlonnú

Athimeasctha le gníomhaíochtaí a dhírítear go sonrath ar mhná.

Soláthraíonn Coiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) faisnéis faoi chúnamh a leithdháiltear do chomhionannas inscne i gcásanna leochaileacha agus ina bhfuil coinbhleacht don tréimhse 2007-2008. Léirítear sa Tuarascáil Aid in Support of Gender Equality in Fragile and Conflict-affected States (Cúnamh le tacú le Comhionannas Inscne i Stáit Leochaileacha agus ina bhfuil Coinbhleacht) go sainíonn beagnach trian amháin de chúnamh ag comhaltaí DAC do Stáit leochaileacha comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach. Ní dhearnadh ach 19 % de chúnamh a tugadh do Stáit leochaileacha ó institiúidí de chuid AE, áfach, a dhíríú ar chomhionannas inscne. Níl gné chomhionannais inscne in ach 20 % de chúnamh a leithdháiltear don earnáil síochána agus slándála, agus níor chuir ach 38 % de bhaill uile DAC cuspóir chomhionannais inscne do chúnamh leithdháilte d'earnáil rialachais na stát leochaileach.

Méadú i líon na mban i measc iarrthóirí tearmainn

De réir Eurostat, idir 2008 agus 2012, mhéadaigh an scair de mhná a chuir isteach ar stádas dídeanaí (ó 28 % in 2008 go 34 % in 2013). Bhí méadú freisin i líon na niarratas nua ar thearmann ó mhná (ar chláru an iarratais ar thearmann den chéad uair), ó 30 % in 2008 go 35 % in 2012. In ainneoin na méaduithe sin, is ionann fir agus beagnach dhá thrian d'iarratasóirí ar thearmann in Aontas Eorpach.

Bhí méadú i líon na gcinntí ar stádas dídeanaí de réir líon méadaithe na niarratasóirí ar thearmann a chuir iarratas isteach. Idir na blianta 2008 agus 2012, bhí méadú faoi dhó beagnach i líon na gcinntí ar iarratais ó mhná (ó 59 730 go 95 875). Go comhréireach, bhí méadú níos mó i gcinntí dearfacha ar iarratais na mban ná cinntí dearfacha na bhfear, cé go raibh laghdú i sciar de mhná a fuair an stádas dídeanaí le cúpla bliain anuas: in 2010, ba é 40 % den scair dhearfach; in 2012 34 % a bhí ann.

Tograí úsáideacha:

D'fhonn **rannpháirtíocht na mban a mhéadú** i misin síocháiníochta, bhain an Ostair úsáid as saineolaí inscne i misean síochánaíochta sa Chosaiv le comhairle a sholáthar don cheannasaí agus ó bhí 2010 ann, cuireadh seisear oifigeach as an Aireacht Cosanta faoi oiliúint mar Chomhairleoirí Allamuigh Inscne. Sa Bheilg, léiríonn cuimsiú an chuspóra sin sa dara NAP gur céim chun tosaigh é in ionadaíocht méadaithe ag na mná in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus misin a rinneadh i dtaidhleoireacht agus arm na Beilge.

Cuireadh borradh ar **chur chun cinn ar rannpháirtíocht na mban** i gcultúr síochána a chothú trí Chomhdháil Réigiúnach straitéiseach Women in Peacebuilding: access to justice for women in postconflict countries' (Mná i gcothú na Síochána: rochtain ar cheartas do mhná i dtíortha iarchoinbhleachta) sa Chróit. Tógadh Lárionad Ilchultúrtha na mBan sa Chipir le mná as gach uile phobal a thabhairt le chéile agus le comhionannas inscne, athmhuintearais agus síocháin a chur chun cinn. Tá tionscadal trí bliana á mhaoiniú faoi láthair san Fhionlainn The UN High Level Seminar on Gender and Inclusive Mediation Processes (Seimineár Ardleibhéil NA ar Phróisis



Inscne agus Idirghabhála Cuimsithí) a bhfuil mar aidhm ann próisis síochána níos comhchomhairlí a ghiniúint trí rannpháirtíocht éifeachtach na mban a chur chun cinn i gcomhaontuithe síochána. Tugadh tacaíocht san Ísiltír do shaothair na mílte eagraíocht mná tríd an gclár Ceannasaíocht agus Deiseanna Do Mhná a Mhaoiniú (FLOW) a chur i bhfeidhm i gcreat um an Dara Plean Gníomhaíochta 1325. Chuir an Aireacht Geilleagair agus Forbartha sa Ghearmáin (BMZ) cláir ar leith i bhfeidhm sa Bhurúin, sa Cholóim, i nGuatamala agus i Neipeal le mná a chomhtháthú i ngach céim de chosc agus bainistiú coinbhleachtaí, chomh maith le mná agus cailíní a chosaint ar fhoréigean inscne agus éigniú i gcoinbhleachtaí armtha.

DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE E: MNÁ AGUS COINBHLEACHT ARMTHA

DUL CHUN CINN	HINDERNISSE
<ul style="list-style-type: none">• Neartaíodh an gealltanais beartais maidir le hoiliúint ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban d'fhoireann a dhéanann idirghabháil i limistéir atá faoi thionchar coinbhleachta.• Méadaíodh rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí síochánaíochta.	<ul style="list-style-type: none">• Tá cur chun feidhm na ngealltanais maidir le hoiliúint ar chomhionannas inscne lag agus ar scála beag fós.• Tá misin taidhleoireachta agus Toscaireachtaí fós faoi cheannas na bhfear den chuid is mó.• Ní dhíríonn ach cuid íseal de chúnamh AE do Stáit Leochaileacha ar mhná.• Is dóichí gur fir iad na hiarratasóirí ar thearmann, a fhaigheann stádas dídeanaí in AE ná na mná.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Feabhas a chur ar an leibhéal reatha íogaireachta ó thaobh inscne de i bpearsanra agus an chothromaíocht inscne in earnálacha taidhleoireachta agus míleata a ardú.
- Gné inscne a chomhtháthú i nósanna imeachta agus i gcleachtais agus acmhainní inscne a ardú i mbaill fhoirne líne tosaigh i riaracháin AE agus na mBallstát a phléann le baill fhoirne taidhleoireachta agus míleata.
- Iarrachtaí a bhaineann le rannpháirtíocht chothrom inscne in earnálacha taidhleoireachta agus míleata a neartú.
- Cáilíocht agus leithdháileadh cúnamh eachtrannaigh a fheabhsú trí infheictheacht agus eolas ar riachtanais agus leochaileacht shonrach na mban i gcoinbhleachtaí a bharrfheabhsú (is é sin foréigean inscne).
- Gné inscne agus chearta an duine a chuimsiú mar chomhchodanna rithábachtacha i bpróiseas láimhseála agus próiseála na niarratas ar thearmann.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartas agus i gcleachtais chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:10.1007/978-92-9218-563-3

MH-04-15-022-DE-N